2026/1446

3.7.2026

CINNEADH (AE) 2026/1446 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2026

lena leagtar síos rialacha inmheánacha maidir le soláthar faisnéise d'ábhair sonraí agus srian ar chearta ábhar sonraí áirithe i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún chun críche imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 25 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann an Coimisiún imscrúduithe chun na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a fhorfheidhmiú maidir le gnóthais nó comhlachais de ghnóthais. Chuige sin, feidhmíonn an Coimisiún cumhachtaí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin a thugtar dó leis an Rialachán sin.

(2) Is iad Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus an Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht de chuid an Choimisiúin a dhéanann cúraimí an Choimisiúin faoi Rialachán (AE) 2022/1925.

(3) I gcomhthéacs a chúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin a fheidhmiú de bhun Rialachán (AE) 2022/1925, próiseálann an Coimisiún faisnéis. Féadfar a áireamh ar an bhfaisnéis sin sonraí pearsanta daoine nádúrtha, amhail ionadaithe dlíthiúla agus baill foirne geatóirí chomh maith le tríú páirtithe leasmhara, finnéithe agus sceithirí eolais, chomh maith le daoine nádúrtha eile a bhfuil a sonraí pearsanta i ndoiciméid a fuarthas i dtaca le feidhmiú a chúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2022/1925.

(4) Maidir le próiseáil sonraí pearsanta, de réir bhrí Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2018/1725, a dhéantar le linn gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe faoi Rialachán (AE) 2022/1925, d'fhéadfadh sí tarlú fiú sula n-osclaíonn an Coimisiún imeachtaí go foirmiúil de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2022/1925, d'fhéadfadh sí leanúint ar aghaidh le linn sheoladh an imscrúdaithe, agus d'fhéadfadh sí leanúint ar aghaidh fiú tar éis an t-imscrúdú a dhúnadh go foirmiúil, mar shampla, le haghaidh gníomhaíochtaí faireacháin nó scagtha ar chomhlíonadh, measúnú ar an ngá atá le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha nua nó imeachtaí dlíthiúla nua a thionscnamh.

(5) Chun críche imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/1925, próiseálann an Coimisiún, mar rialaitheoir sonraí, roinnt catagóirí sonraí pearsanta, amhail sonraí aitheantais, sonraí teagmhála, sonraí maidir le rannpháirtíocht i gcásanna (amhail post agus feidhm an duine nádúrtha sa ghnóthas lena mbaineann), sonraí a bhaineann le cásanna (amhail sonraí pearsanta atá i ndoiciméid, ráitis, tuairimí agus taifid) agus aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach chun na críche sin (lena n-áirítear sonraí pearsanta úsáideoirí deiridh agus úsáideoirí gnó croísheirbhísí ardáin). Cé nach dócha é, d'fhéadfadh sé go n-áireofar sna catagóirí sonraí pearsanta a phróiseáiltear catagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

(6) Agus cúraimí an Choimisiúin á gcomhlíonadh aige faoi Rialachán (AE) 2022/1925, tá sé de cheangal air cearta daoine nádúrtha a urramú i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta mar a aithnítear le hAirteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 16(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus tá sé de cheangal air ceanglais Rialachán (AE) 2018/1725 a urramú freisin. An tráth céanna, ceanglaítear ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí faoi Rialachán (AE) 2022/1925, rialacha dochta rúndachta agus rialacha dochta rúndachta gairmiúla dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán sin agus in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

(7) In imthosca áirithe, is gá cearta na n-ábhar sonraí faoi Rialachán (AE) 2018/1725 a réiteach le comhlíonadh éifeachtach chúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin an Choimisiúin de bhun Rialachán (AE) 2022/1925, lena n-áirítear comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát, nó cearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí eile a áirithiú an tráth céanna. Chuige sin, le hAirteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, tugtar an deis don Choimisiún srian a chur, faoi choinníollacha áirithe, le cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 22, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 de, a mhéid a chomhfhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1725.

(8) In imthosca áirithe, is gá cearta na n-ábhar sonraí a réiteach leis an ngá atá le cosaint a thabhairt don imscrúdú, don fhorfheidhmiú agus don fhaireachán a dhéanann an Coimisiún faoi Rialachán (AE) 2022/1925 chun an t-údarás oifigiúil atá aige a chur i gcrích i ndáil le leas poiblí an Aontais de bhun Airteagal 25(1), pointe (g), i gcomhar le pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1725. D'fhéadfadh an Coimisiún srianta a chur i bhfeidhm, mar shampla nuair d'fhéadfadh forfheidhmiú na gceart sin imscrúdú beo a chur i mbaol, nó, mar shampla nuair atá baol ann go scriosfar fianaise nó go gcuirfear isteach ar phríomhghníomhaithe (mar shampla, finnéithe) i rith imscrúdaithe.

(9) In imthosca áirithe, is gá cothromaíocht a bhaint amach idir cearta na n-ábhar sonraí agus cearta agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí eile an tráth céanna i ndáil le cúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin an Choimisiúin de bhun Rialachán (AE) 2022/1925, amhail tríú páirtithe leasmhara agus finnéithe. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh srian a chur le rochtain ar chéannacht, ráitis agus sonraí pearsanta eile na ndaoine sin nuair a bhaineann na sonraí pearsanta ábhartha le sonraí duine eile freisin chun a gcearta agus a saoirsí a chosaint de bhun Airteagal 25(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2018/1725. D'fhéadfadh an Coimisiún a chinneadh déanamh amhlaidh, go háirithe chun na daoine sin a chosaint ar fhrithbheart a d'fhéadfaí a dhéanamh.

(10) Go sonrach, is gá faisnéis rúnda a chosaint a bhaineann le sceithire eolais, nó aon duine nádúrtha eile a thuairiscigh faisnéis don Choimisiún i gcomhthéacs fheidhmiú a chúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin de bhun Rialachán (AE) 2022/1925. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé gur gá don Choimisiún srian a chur le rochtain ar chéannacht, ráitis agus sonraí pearsanta eile na ndaoine sin chun cearta agus saoirsí na ndaoine uile lena mbaineann a chosaint de bhun Airteagal 25(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2018/1725. Ní fhéadfaidh an Coimisiún a chéannacht a nochtadh ach amháin má údaraíonn an duine tuairiscithe amhlaidh. Má cheanglaítear sin leis an dlí nó le húdarás breithiúnach, ní mór don Choimisiún a chéannacht a nochtadh.

(11) I gcásanna ina gcuireann na hábhair sonraí iarraidh isteach chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta, ba cheart rochtain a thabhairt dóibh ar na sonraí pearsanta sin, lena n-áirítear sonraí arna soláthar ag duine tuairiscithe. Chun a rúndacht a chosaint, níor cheart don Choimisiún ainm an duine tuairiscithe ná aon fhaisnéis eile lena bhféadfaí an duine sin a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, a sholáthar don ábhar sonraí.

(12) Ina theannta sin, chun a chúraimí a bhaint amach agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) 2022/1925 a áirithiú, go háirithe i gcomhthéacs an chomhair idir an Coimisiún agus na húdaráis inniúla sna Ballstáit, d'fhéadfadh an Coimisiún srian a chur le cur i bhfeidhm chearta na n-ábhar sonraí chun feidhmiú a údaráis oifigiúil a chosaint in dáil le leas an phobail dá dtagraítear in Airteagal 25(1), pointe (g), i gcomhar le pointe (c) de Rialachán (AE) 2018/1725. D'fhéadfadh an Coimisiún é sin a dhéanamh i gcás ina gcuirfí cuspóir sriain, arna fhorchur ag údarás Ballstáit, i mbaol mura gcuirfeadh an Coimisiún srian coibhéiseach i bhfeidhm maidir leis na sonraí pearsanta céanna. Agus srian den sórt sin á chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann maidir leis na forais ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann chun srianta a fhorchur agus maidir le riachtanas agus comhréireacht na srianta sin, mura gcuirfeadh sé sin gníomhaíochtaí an Choimisiúin i mbaol.

(13) Níor cheart don Choimisiún srianta a chur i bhfeidhm ach amháin nuair a urramaítear leo bunús na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha, nuair atá siad fíor-riachtanach agus nuair is beart comhréireach iad i sochaí dhaonlathach. Ba cheart don Choimisiún údar a thabhairt leis na srianta is infheidhme.

(14) Le hAirteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2018/1725, ceanglaítear ar an rialaitheoir na hábhair sonraí a chur ar an eolas faoi na príomhchúiseanna is bun leis an srian a chur i bhfeidhm agus go bhfuil de cheart aige gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

(15) De bhun Airteagal 25(8) de Rialachán (AE) 2018/1725, féadfaidh an Coimisiún soláthar faisnéise, a bhaineann leis na phríomhchúiseanna atá le srian a chur i bhfeidhm ar ábhar sonraí, a chur ar atráth, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú, dá gcuirfeadh soláthar na faisnéise sin tionchar an tsriain ar ceal ar aon bhealach. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh de réir an cháis i taobh an gcuirfeadh cur in iúl an tsriain a éifeacht ar ceal.

(16) Ba cheart don Choimisiún deireadh a chur leis an srian a luaithe nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na coinníollacha lena dtugtar údar leis an srian, agus ba cheart dó na coinníollacha sin a mheas go tráthrialta.

(17) Chun Airteagail 14, 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún gach ábhar sonraí a chur ar an eolas faoina ghníomhaíochtaí ina bpróiseáiltear a shonraí pearsanta agus faoina chearta, ar bhealach atá trédhearcach agus comhleanúnach, trí bhíthin fógra cosanta sonraí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Ar bhealaí iomchuí, ba cheart don Choimisiún ionadaithe dlíthiúla agus baill foirne geatóirí chomh maith le hionadaithe dlíthiúla agus baill foirne tríú páirtithe leasmhara, finnéithe agus sceithirí eolais a chur ar an eolas ina n-aonar faoi phróiseáil a sonraí pearsanta.

(18) In Airteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2018/1725 déantar foráil maidir le heisceachtaí ar cheart na n-ábhar sonraí chun faisnéise nuair nach bhfaightear na sonraí pearsanta ó na hábhair sonraí. Má tá feidhm ag an heisceachtaí sin, ní gá don Choimisiún srian a chur leis an gceart chun faisnéise faoin gCinneadh seo. Beidh feidhm ag eisceachtaí faoi Airteagal 16(5), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcás ina mbeadh sé dodhéanta an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 16(1) go (4) den Rialachán sin a sholáthar, ina mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leis, nó inar dócha go bhfágfadh sé nach féidir cuspóirí na próiseála sin a bhaint amach nó go gcuirfí bac mór ar bhaint amach chuspóirí na próiseála sin. I gcásanna ina bhfuil ábhair sonraí ann nach bhfuil ábhartha don imscrúdú a bhfuil a sonraí pearsanta i ndoiciméid a bailíodh mar chuid den imscrúdú, den fhorfheidhmiú agus den fhaireachán de bhun Rialachán (AE) 2022/1925, seachas na hábhair sonraí sin a cuireadh ar an eolas ina n-aonar, d'fhéadfadh soláthar na faisnéise sin a bheith dodhéanta nó d'fhéadfadh iarracht dhíréireach a bheith ag baint le soláthar na faisnéise sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina bhfaigheann an Coimisiún sonraí pearsanta i gcomhthéacs tuarascáil sceithire eolais nó le linn a ghníomhaíochtaí faireacháin chun cur chun feidhme agus comhlíonadh éifeachtach Rialachán (AE) 2022/1925 a áirithiú.

(19) I gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, na cothroime agus na cuntasachta, ba cheart don Choimisiún gach eisceacht agus srian a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus taifead a choinneáil ar an gcur i bhfeidhm a dhéanann sé ar na heisceachtaí agus na srianta sin.

(20) Chun cosaint cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a áirithiú, agus i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart don Choimisiún páirt a thabhairt do Chomhordaitheoirí Cosanta Sonraíin Ard-Stiúrthóireachtí na hIomaíochta, agus san hArd-Stiúrthóreachta um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht le linn an phróisis chun srianta a chur i bhfeidhm agus an comhairliúchán sin a dhoiciméadú. Ba cheart, go háirithe, dul i gcomhairle leis na Comhordaitheoirí Cosanta Sonraí in am trátha maidir le haon srian a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm agus comhlíonadh na srianta sin leis an gCinneadh seo a fhíorú.

(21) Ba cheart d'Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na srianta, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar an Cinneadh seo.

(22) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 26 Márta 2026.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an gCinneadh seo na rialacha inmheánacha atá le leanúint ag an gCoimisiún chun na hábhair sonraí a chur ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagail 14, 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus cúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin á gcomhlíonadh aige faoi Rialachán (AE) 2022/1925.

2. Leagtar síos sa Chinneadh seo freisin na coinníollacha faoina bhféadfadh an Coimisiún srian a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 4, Airteagail 14 go 20, agus Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointí (c), (g) agus (h) de.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis an bpróiseáil a dhéanann an Coimisiún ar shonraí pearsanta na gcatagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí:

(a) ionadaithe dlíthiúla agus baill foirne geatóirí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2022/1925;

(b) ionadaithe dlíthiúla agus baill foirne tríú páirtithe leasmhara;

(c) finnéithe;

(d) sceithirí eolais;

(e) daoine nádúrtha a bhfuil a sonraí pearsanta sna doiciméid nó sna meáin eile arna mbailiú mar chuid de na cúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin de bhun Rialachán (AE) 2022/1925.

2. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta na gcatagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

(a) sonraí aitheantais;

(b) sonraí teagmhála;

(c) sonraí maidir le rannpháirtíocht i gcásanna;

(d) sonraí a bhaineann leis an gcás;

(e) aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach chun na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2022/1925 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 3

Faisnéis a sholáthar do na hábhair sonraí

1. Foilseoidh an Coimisiún fógra cosanta sonraí ar a shuíomh gréasáin ábhartha chun na hábhair sonraí uile a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin a bhaineann le próiseáil a sonraí pearsanta chun críoch na gcúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin de bhun Rialachán (AE) 2022/1925.

2. San fhógra cosanta sonraí cuirfear faisnéis ar fáil maidir le srianta féideartha le cearta na n-ábhar sonraí arna leagan amach in Airteagal 4. Sonrófar leis an bhfaisnéis cé acu na cearta a d'fhéadfaí a shrianadh, na forais ar a bhféadfaí na srianta a chur i bhfeidhm chomh maith le fad féideartha na srianta sin agus d'fhéadfaí faisnéis a chumhdach a bhaineann le ceart na n-ábhar sonraí gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

3. Ar bhealaí iomchuí, cuirfidh an Choimisiún ionadaithe sceithirí eolais, finnéithe agus ionadaithe dlíthiúla agus baill foirne tríú páirtithe leasmhara ar an eolas ina n-aonar faoi phróiseáil a sonraí pearsanta.

Airteagal 4

Srianta

1. D'fhéadfadh an Coimisiún srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 20 agus Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le cur i bhfeidhm phrionsabail na dlíthiúlachta, na cothroime agus na trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a), den Rialachán sin, a mhéid a chomhfhreagraíonn na forálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 20 de Rialachán (AE) 2018/1725 sna cásanna seo a leanas:

(a) d'fhéadfadh feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí sin cúraimí imscrúdaithe, forfheidhmithe agus faireacháin an Choimisiúin a chur i mbaol, a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) 2022/1925 a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointí (c) agus (g), de Rialachán (AE) 2018/1725;

(b) dhéanfadh feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí sin dochar do chosaint an ábhair sonraí nó do chosaint ceart agus saoirsí daoine eile i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2018/1725;

(c) d'fhéadfadh feidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí sin comhar an Choimisiúin leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit a chur i mbaol, agus a chúraimí á bhfeidhmiú ag an gCoimisiún, chun cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) 2022/1925 a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 25(1), pointí (c) agus (g), de Rialachán (AE) 2018/1725.

2. Sula gcuirfidh sé srianta i bhfeidhm sna himthosca dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na húdaráis inniúla sna Ballstáit ábhartha maidir le forais fhéideartha chun srianta a fhorchur agus maidir le riachtanas agus comhréireacht na srianta sin, mura gcuirfeadh comhairliúchán den sórt sin gníomhaíochtaí an Choimisiúin i mbaol.

3. Urramóidh aon srian bunbhrí na gceart agus na saoirsí bunúsacha agus beidh sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach.

4. Sula gcuirtear na srianta dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm, déanfaidh agus doiciméadóidh an Coimisiún measúnú cás ar chás ar an ngá atá leo agus ar a gcomhréireacht. Ní rachaidh na srianta sin thar an méid is gá chun a gcuspóir a bhaint amach.

Airteagal 5

Ceart rochtana an ábhair sonraí, an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh agus an ceart go gcuirfí srian le próiseáil

1. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún srian de bhun Airteagal 4, bíodh sin go hiomlán nó go páirteach, le ceart rochtana na n-ábhar sonraí, an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh nó an ceart go gcuirfí srian le próiseáil dá dtagraítear in Airteagail 17 go 20, faoi seach, de Rialachán (AE) 2018/1725, cuirfidh sé an t-ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas, sa fhreagra uaidh ar an iarraidh ar rochtain, ceartúcháin, léirscriosadh nó srian le próiseáil, maidir leis na gnéithe seo a leanas:

(a) an srian a chuirtear i bhfeidhm agus na príomhchúiseanna atá leis;

(b) an deis gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

2. Féadfaidh an Coimisiún soláthar faisnéise maidir leis na cúiseanna atá le srian agus an ceart chun gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a chur ar athráth, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú fad a chuirfeadh sé sin éifeacht an tsriain ar ceal. Déanfaidh an Coimisiún measúnú an bhfuil bonn cirt leis sin de réir an cháis. A luaithe nach gcuireann sé éifeacht an tsriain ar ceal a thuilleadh, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil don ábhar sonraí.

Airteagal 6

Sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl do na hábhair sonraí

1. I gcás ina bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl de bhun Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, féadfaidh sé, in imthosca eisceachtúla, srian iomlán nó páirteach a chur leis an gcumarsáid sin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chinneadh seo. Déanfaidh an Coimisiún taifead de na cúiseanna atá leis an srian, agus cláróidh sé na cúiseanna sin, ar an bhforas dlíthiúil atá leis faoi Airteagal 4 agus ar mheasúnú ar a riachtanas agus a chomhréireacht.

2. I gcás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna leis an srian, cuirfidh an Coimisiún an sárú i ndáil le sonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí lena mbaineann agus cuirfidh sé na príomhchúiseanna leis an srian agus a cheart chun gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí in iúl dó.

3. I gcás ina dtabharfaidh an Coimisiún fógra faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, in éineacht leis an bhfógra ón gCoimisiún beidh an taifead a rinne sé de bhun Airteagal 7 den Chinneadh seo.

Airteagal 7

Srianta a thaifeadadh agus a chlárú

1. Déanfaidh an Coimisiún taifead ar na cúiseanna atá le haon srian a chuirfear i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo, an foras dlíthiúil arna leagan síos in Airteagal 4 ina leith, sonraí na tréimhse nuair a chuirfear an srian i bhfeidhm, measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a bhaineann le srian a chur i bhfeidhm agus measúnú ar an ngá atá leis an srian agus ar chomhréireacht an tsriain.

2. Sonrófar sa taifead an bealach a mbainfí an bonn, dá bhfeidhmeodh an t-ábhar sonraí ábhartha an ceart sin, ó cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí is infheidhme a leagtar amach in Airteagal 25(1), pointí (c), (g), agus (h) de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Déanfar an taifead agus, i gcás inarb infheidhme, na doiciméid ina bhfuil na heilimintí foluiteacha fíorasacha agus dlíthiúla a chlárú. Cuirfear ar fáil iad don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar iarratas.

Airteagal 8

Fad na srianta

1. Beidh feidhm ag na srianta dá dtagraítear in Airteagail 4 a fhad a bheidh na cúiseanna a thug údar leo fós infheidhme.

2. I gcás nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna atá le srian, cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an srian.

3. Nuair a chuirtear deireadh le srian, soláthróidh an Coimisiún na príomhchúiseanna a bhí leis an srian sin a chur i bhfeidhm ar an ábhar sonraí agus cuirfidh sé ar an eolas é faoin deis chun gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tráth ar bith nó leigheas breithiúnach a lorg i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na srianta dá dtagraítear in Airteagal 4 gach 6 mhí. Áireofar san athbhreithniú measúnú ar an ngá atá leis an srian agus ar chomhréireacht an tsriain.

Airteagal 9

Coimircí agus tréimhsí stórála

1. Cuirfidh an Coimisiún coimircí i bhfeidhm chun mí-úsáid agus rochtain neamhdhleathach ar shonraí nó aistriú neamhdhleathach sonraí pearsanta a chosc, ar sonraí pearsanta iad a bhfuil feidhm ag srianta maidir leo nó a bhféadfaí srianta a chur i bhfeidhm maidir leo. Áireofar leis na coimircí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla amhail:

(a) sainmhíniú soiléir ar róil, freagrachtaí, céimeanna nós imeachta agus cearta rochtana;

(b) timpeallacht leictreonach shlán a chuireann cosc ar rochtain neamhdhleathach nó thimpisteach ar shonraí leictreonacha nó aistriú neamhdhleathach nó timpisteach sonraí leictreonacha chuig daoine neamhúdaraithe;

(c) stóráil shlán agus próiseáil shlán le haghaidh doiciméid pháipéir a bheidh teoranta don mhéid a bhfuil gá leis chun cuspóir na próiseála a bhaint amach;

(d) faireachán cuí ar shrianta.

2. Stórálfar na sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha stórála infheidhme an Choimisiúin, ar rialacha iad atá le sainiú sna taifid faoin bpróiseáil a choinnítear faoi Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2018/1725. Ag deireadh na tréimhse stórála, scriosfar na sonraí pearsanta, é sin nó déanfar iad a anaithnidiú nó a aistriú chuig cartlanna i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 10

Rannpháirtíocht na gComhordaitheoirí Cosanta Sonraí agus Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin

1. Rachfar i gcomhairle leis na Comhordaitheoirí Cosanta Sonraí in Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus san Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht sula gcuirfear aon srian i bhfeidhm.

2. Fíoróidh na Comhordaitheoirí Cosanta Sonraí in Ard-Stiúrthóireachtna hIomaíochta agus san Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht go gcomhlíonann na srianta an Cinneadh seo.

3. Cuirfear Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin ar an eolas, gan moill mhíchuí, aon uair a chuirfear srian le cearta na n-ábhar sonraí i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Arna iarraidh sin, tabharfar rochtain d'Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin ar an taifead agus ar aon doiciméad ina bhfuil na heilimintí bunúsacha fíorasacha agus dlíthiúla.

4. Féadfaidh Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin athbhreithniú a iarraidh ar chur i bhfeidhm sriain agus cuirfear ar an eolas é i scríbhinn faoi thoradh an athbhreithnithe sin.

5. Déanfaidh an Coimisiún doiciméadú agus clárú ar rannpháirtíocht Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin agus ar rannpháirtíocht na gComhordaitheoirí Cosanta Sonraí, lena n-áirítear cén fhaisnéis a roinntear leo, i ngach cás ina gcuirfear i bhfeidhm srian dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN